



**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0227(COD)**

CADREFIN 361	COEST 889
POLGEN 225	COLAC 214
RELEX 1651	COTRA 50
ACP 131	COWEB 170
DEVGEN 233	MAMA 282
COHOM 191	MOG 144
COHAFA 103	PTOM 26
COAFR 343	ELARG 164
COASI 165	GLOBAL GATEWAY 45

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda
– *Tuarascáil ar dhul chun cinn*

I. RÉAMHRÁ

1. An 17 Iúil 2025, chuir an Coimisiún ar aghaidh an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda.
2. Is cuid de phacáiste an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2028 – 2034 an clár sin. Molann an Coimisiún go ndéanfar roinnt ionstraimí maoinithe sheachtraigh atá ann faoi láthair a chomhtháthú leis an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda a bheidh ann amach anseo agus, ar an gcaoi sin, go gcuirfear in ionad na n-ionstraimí sin é¹.

¹ Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear cistiú maidir le cúnaimh macrairgeadais, IPA III, an tSaoráid don Mholdóiv, an tSaoráid don Úcráin, Saoráid na mBalcán Thiar agus Cistiú le haghaidh Cabhair Dhaonnúil.

3. Bunaíodh foghrúpa na hIonstraime um an Eoraip Dhomhanda den Mheitheal Ad Hoc um an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (AHWP CAI na hEorpa Domhanda) faoi Uachtaránacht na Danmhairge, agus é de chúram air scrúdú a dhéanamh ar fhorálacha an togra nach bhfuil idir lúibíní. D'fhormhuinigh Coreper a shainordú an 23 Iúil 2025.
4. Tá an plé ar AHWP CAI na hEorpa Domhanda ar siúl i ndlúthchomhar leis an gcaibidlíocht chothrománach atá ar bun ag an Meitheal chothrománach Ad Hoc — an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (AHWP CAI) — chomh maith le foghrúpaí AHWP CAI don Chiste Eorpach um Iomaíochas (ECF) agus do na Comhpháirtíochtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha (NRP).
5. Níor pléadh na hairteagail ná na haithrisí den togra atá idir lúibíní in AHWP CAI na hEorpa Domhanda, ach rinneadh iad a tharchur chuig an AHWP CAI.
6. Leis an tuarascáil seo ar dhul chun cinn, is mian leis an Uachtaránacht Coreper a chur ar an eolas faoi staid na himeartha sa phlé.

II. STAID NA HIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

7. Faoi Uachtaránacht na Danmhairge, le linn an dara seimeastar de 2025, tháinig AHWP CAI na hEorpa Domhanda le chéile 12 uair, lena n-áirítear athbhreithniú meántearma chun meastóireacht a dhéanamh ar na modhanna oibre. Rinne an AHWP CAI na hEorpa Domhanda mionscrúdú ar fhorálacha an togra reachtaigh nach bhfuil idir lúibíní sa chéad bhabhta plé, a tugadh chun críche an 24 Samhain. Chuir na toscaireachtaí a dtuairimí tosaigh i láthair, mhol siad leasuithe ó bhéal agus i scríbhinn agus bhí an deis acu soiléirithe a iarraidh. Chuir seirbhísí an Choimisiúin cuir i láthair mhionsonraithe ar fáil maidir leis an togra reachtach ‘An Eoraip Dhomhanda’, chomh maith le faisnéis bhreise ó bhéal agus i scríbhinn araon (*Cáipéisí Teicniúla agus cuir i láthair*) arna iarraidh sin do na toscaireachtaí.

8. D'iarr Uachtaránacht na Danmhairge tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste Eorpach na Réigiún agus ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.
9. Tá sé beartaithe ag Uachtaránacht na Danmhairge an chéad togra comhréitigh maidir leis an Ionstraim don Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear na hIarscríbhinní a ghabhann léi, a thíolacadh an 15 Nollaig.

III. DUL CHUN CINN NA hOIBRE LE LINN UACHTARÁNACHT NA DANMHAIRGE

10. Mar thoradh ar an mionscrúdú a rinneadh ar na forálacha nach bhfuil idir lúibíní, tháinig téacs comhréitigh ón Uachtaránacht chun cinn, inar tugadh aghaidh ar na saincheistanna a d'ardaigh na toscaireachtaí. Bhí sé d'aidhm ag an Uachtaránacht barúlacha agus leasuithe sonracha téacs a fuarthas ó na Ballstáit le linn an chéad bhabhta den phlé a ionchorprú sa togra comhréitigh ar bhealach cothrom comhleanúnach, ar bhonn sraith shoiléir prionsabal a cuireadh faoi bhráid na dtoscaireachtaí. I measc na gcroíphrionsabal bhí na haidhmeanna creat foriomlán an togra a urramú, friotal comhaontaithe a chur i bhfeidhm nuair is ábhartha agus cothromaíocht a bhaint amach idir na línte polaitiúla níos leithne agus foclaíocht níos mionsonraithe.
11. Beidh deis ag na toscaireachtaí a dtuairimí tosaigh a chur in iúl maidir leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht an 15 Nollaig, sa Mheitheal Ad Hoc maidir le AHWP CAI na hEorpa Domhanda. Déanfar tuilleadh forbartha ar an obair sin agus leanfar di le linn na chéad Uachtaránachta eile.
12. Tá tacaíocht leathan i measc na mBallstát d'ionstraim níos solúbtha agus níos simplithe. Ag an am céanna, tá na toscaireachtaí d'aon ghuth agus iad ag iarraidh go mbeadh ról stiúrtha níos láidre ag an gComhairle, rud a bhí ina ábhar imní arís agus arís eile sa phlé. Leag na toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir solúbthacht agus intuarthacht. I bhfianaise go bhfuil roinnt ionstraimí atá ann faoi láthair á gcumasc, tá roinnt toscaireachtaí ag iarraidh go mbeadh níos mó infheictheachta ann do thíortha an mhéadaithe agus go mbeadh ról tábhachtach ag an gcúnamh daonnúil.
13. Leagann na toscaireachtaí uile béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí rannpháirtíocht iomchuí na mBallstát a áirithiú i gelársceidealú agus i gcur chun feidhme na hEorpa Domhanda. Go ginearálta, ní mór tuilleadh plé a dhéanamh ar an nasc idir an togra, an Rialachán Airgeadais agus an Rialachán Feidhmíochta atá beartaithe, go háirithe maidir le trédhearcacht sna gníomhaíochtaí a dhéanann an Coimisiún.

14. Leag go leor toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá sé tacú leis an Úcráin, agus le tíortha an mhéadaithe. Tá na toscaireachtaí ag iarraidh go mbeadh leibhéal uailmhianach coinníollachta agus infheictheachta ann, lena n-áirítear ról soiléir don Chomhairle maidir leis na pleananna feidhmíocht bhunaithe agus soláthar iasachtaí feidhmíocht bhunaithe a leagan amach. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur cúis inní dóibh na rialacha incháilitheachta atá beartaithe, go háirithe i ndáil le costais mhéadaithe a d'fhéadfadh a bheith ann.
15. Bhí plé tosaigh ag AHWP CAI na hEorpa Domhanda freisin maidir le gnéithe seachtracha na himirce, inar dearbhaíodh gur mhaith le roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí na forálacha ábhartha a threisiú trí sprioc chaiteachais tháscach a thabhairt isteach. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh inní orthu faoi iarmhairtí oibríochtúla an togra ón gCoimisiún gan foráil a dhéanamh d'aon spriocanna caiteachais téamacha sa Rialachán.
16. Leag na toscaireachtaí béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí na saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), díothú na bochtaineachta, an t-athrú aeráide, comhionannas inscne, cearta na mban agus na gcailíní, cearta leanaí agus an óige a phríomhshruthú. Is ábhar inní do na toscaireachtaí an laghdú atá tagtha ar sprioc an Chúnaimh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA) agus tá siad i gcoinne cead a thabhairt don Choimisiún sprioc ODA 90 % a athrú trí bhíthin gníomh tarmlichte.
17. D'iarr na toscaireachtaí go ndéanfaí soiléiriú breise ar an gcóimheas idir gníomhaíochtaí neamh-inchlársceidealaithe agus in-chlársceidealaithe, chomh maith le sainmhíniú níos fearr ar an difríocht idir an dá cheann. Leagadh béim air gur cheart gníomhaíochtaí neamh-in-chlársceidealaithe a bheith comhlántach le gníomhaíochtaí in-chlársceidealaithe, ar cheart iad a bheith ina bhformhór mór de na gníomhaíochtaí.

IV. CONCLÚIDÍ

18. Tá dul chun cinn nithiúil déanta sa scrúdú ar an togra.
19. Bhunaigh Uachtaránacht na Danmhairge modhanna oibre éifeachtúla agus leag sí síos an bealach chun an téacs a neartú maidir le hábhair atá tábhachtach do na Ballstáit, go háirithe ról stiúrtha níos láidre don Chomhairle, teanga threisithe maidir le croíphrionsabail an Aontais Eorpaigh (an smacht reachta, an daonlathas, cearta an duine, urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus laghdú na bochtaineachta), léiriú níos cruinne ar stádas sonrath thíortha an mhéadaithe, soiléiriú ar na hidirnáise le rialacháin eile, agus an cóimheas ceart idir gníomhaíochtaí in-chlársceidealaithe agus gníomhaíochtaí neamh-inchlársceidealaithe.

20. Leanfaidh AHWP CAI na hEorpa Domhanda den dréacht-Rialachán a scrúdú faoi Uachtaránacht na Cipire.
21. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil seo ar dhul chun cinn maidir leis an togra ón Eoraip Dhomhanda a thabhairt dá aire agus í a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.
22. Iarrtar ar an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá aire.
